Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6787/25**
**ADD 1**

**COH 15**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an gcomhtháthú agus leis an mBeartas Comhtháthaithe tar éis 2027<br>– *Ráiteas ón Ungáir* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san IARSCRÍBHINN ráiteas ón Ungáir.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón Ungáir i ndáil leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhtháthú agus leis an mBeartas Comhtháthaithe tar éis 2027**

**Is díol sásaimh don Ungáir formheas na gConclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhtháthú agus leis an mBeartas Comhtháthaithe tar éis 2027**, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le croíphrionsabail an bheartais a aithint (mar bhunriachtanas chun cóineasú, athléimneacht agus iomaíochas a chothú), agus maidir lena ról bunúsach san Aontas Eorpach a athdhearbhú roimh na tograí reachtacha tar éis 2027.

**Mar sin féin, is cúis imní don Ungáir foclaíocht chasta mhír 8 agus coinníonn sí a seasamh go mbeidh aon nasc a d'fhéadfadh a bheith ann idir urraim do luachanna an Aontais**, lena n-áirítear an smacht reachta **agus an Chairt, agus an rochtain ar chistiú ón Aontas faoi réir na caibidlíochta maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027.**

Dá bhrí sin, ní féidir leis an mír faoi thrácht dochar a dhéanamh ar bhealach ar bith d'aon phlé a bheidh ann roimh an gcaibidlíocht maidir le CAI nó a bheidh mar chuid de chreat na caibidlíochta sin.

**Bunaithe ar** thaithí aiféalach na hUngáire maidir leis **na sásraí coinníollachta atá ann faoi láthair**, ar féidir iad a úsáid ar bhealach claonta chun bac a chur ar rochtain Ballstáit ar chistí an Aontais, **cibé acu an Rialachán** ***maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint***, **coinníollacha cumasúcháin cothrománacha** faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna **nó córas na sár-gharspriocanna don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, athdhearbhaímid ár seasamh nach n-urramaíonn an córas atá ann faoi láthair prionsabail riachtanacha na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i measc na mBallstát, ach gur arm polaitiúil é chun brú míchuí a chur ar Bhallstáit áirithe.**

Meabhraítear don Ungáir freisin cineál coimhdeach an tsásra coinníollachta, nár cheart a chur i bhfeidhm a mheas ach amháin, go háirithe i réimse an bheartais chomhtháthaithe, i gcás nach bhféadfaí buiséad an Aontais a chosaint go héifeachtach le nósanna imeachta eile a leagtar amach i ndlí an Aontais, lena n-áirítear nósanna imeachta um shárú a úsáid.

Mar a chuir an Ungáir in iúl roimhe seo, bunaithe ar an taithí atá againn, **ní aontóimid go leanfar leis an gcóras coinníollachta san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair**. Dá bhrí sin, aontaíonn an Ungáir le formheas na gConclúidí reatha ón gComhairle ar an tuiscint **nach féidir é a léirmhíniú ar bhealach ar bith mar iarraidh aon cheann de na sásraí thuasluaite a choinneáil ina bhfoirm reatha agus, go háirithe, ní mar iarraidh iad a threisiú nó a leathnú a thuilleadh nó nasc níos láidre a chruthú idir luachanna an Aontais nó an Chairt um Chearta Bunúsacha agus rochtain ar chistí an Aontais**. Meabhraítear dúinn gur faoi na Ballstáit go príomha atá sé fós a áirithiú go n-urramófar luachanna agus cearta bunúsacha, bunaithe ar a dtraidisiúin bhunreachtúla agus a rialacha bunreachtúla.

Thairis sin, cé go n-aontaíonn an Ungáir leis an tábhacht a bhaineann le leas airgeadais an Aontais a chosaint, meabhraítear di gur cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a eascraíonn as an bprionsabal sin freisin maidir le hinstitiúidí an Aontais agus leithdháileadh chistí an Aontais á bhainistiú, ar a laghad chomh docht agus is gá ó na Ballstáit.